Péint a rinneadh sa mBaile

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Lean an t-oideas agus seol grianghraf den phéint a chruthaigh tú nó de phictiúr a chruthaigh tú leis an bpéint.

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir an pictiúr a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar an 27 Aibreán mar sin bíodh na hiarratais againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Deis ar dhearbhán €40 dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

An bhfuil an t-ábhar ealaíne ag éirí gann sa mbaile? Ná bíodh aon imní ort! Seo oideas le do chuid péinte féin a dhéanamh sa mbaile.

Comhábhair

3 Spúnóg Bhoird Siúcra

½ Spúnóg Bhoird Salainn

½ Cupán Gránphlúir

2 Cupán Uisce

1. Cuir an t-ábhar ar fad i sáspan beag ar an sorn.
2. Nuair a éiríonn an meascán tiubh nó ramhar bain den teas é.
3. Doirt isteach i gcoimeádáin nó i bprócaí agus lig dó fuarú.
4. Measc dathúcháin bhia isteach ann nuair atá an meascán fuaraithe le do rogha dathanna a chruthú.

'Tiocfaimid Slán'

Ainm an pháiste:	
Aois:	
Ainm an tuismitheora:	
Seoladh baile:	
Seoladh ríomhphoist:	

Buaiteoirí na nduaiseanna: Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsiú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scriosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.

Tuismitheoirí na Gaeltachta
Tuairisc.ie
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht
Údarás na Gaeltachta